



Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Forbartha Straitéisí Dhún na nGall 2040

Oifigeach Nuálaíochta

Eolas d'Iarratasóirí

Aibreán, 2022

Cúlra

Is ionann Ionad Nuálaíochta Alpha agus ionad úr nuálaíochta digiteach atá lonnaithe i gcróilár Leitir Ceanainn arb é is cuspóir sainráite aige éiceachóras láidir fiontraíochta agus nuálaíochta a fhorbairt lena gcuirfear ar chumas gnólachtaí, idir ghnólachtaí nuathionscanta agus ghnólachtaí bunaithe, scálú agus idirnáisiúnú a dhéanamh agus bheith ag freagairt go héifeachtach do dheiseanna agus dúshláin margaidh a thioctadh chun cinn. Cuimsíonn uaimhianta an ionaid réamhluasaire saincheaptha a fhorbairt d'fhiontraithe luathsmoainimh agus do bhunaitheoirí i réigiún na teorann mar aon le clár cuimsitheach de thacaí timfhillteacha do ghnólachtaí.

Agus é á chómhchistiú ag Fiontar Éireann faoi Chiste Forbartha Fiontraíochta na Teorann agus faoi stiúir Chomhairle Contae Dhún na nGall, cuirfidh Ionad Nuálaíochta Alpha spás oibre nuálach úrscothach ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ann cheana féin agus é mar aidhm aige éiceachóras dinimiciúil nuálach a fhorbairt. Faoi áitíocht 100%, beifear in ann 200 duine a óstáil san ionad nuálaíochta 17,500 troigh chearnach saintógtha seo.

Cuirfidh Ionad Nuálaíochta Alpha le hacmhainneacht folaigh shaol an ghnó teicneolaíochta nuathionscanta san Iarthuaisceart, rud a chuirfeadh go dearfach le cáil an réigiúin mar áit iontach le hinfheistiú a dhéanamh ann agus le gnó a dhéanamh ann.

Is deis spreagúil dúshlánach é seo a bheith mar chuid de thionscnamh cumasaithe a rachaidh chun sochair go mór, ní hamháin do bhaile Leitir Ceanainn, atá suite i gcontae uathúil láidir Dhún na nGall, ach don réigiún cois teorann trí chéile in Éirinn.

1. An Post

Is í Comhairle Contae Dhún na nGall atá ag éascú an chomórtais earcaíochta seo, thar ceann Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Forbartha Straitéisí Dhún na nGall 2040. Tá Dún na nGall 2040 ar lorg iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí iomchuí acu faoi choinne phost an Oifigigh Nuálaíochta.

Tá sé beartaithe go gcuirfear painéal le chéile d'iarrthóirí cáilithe as a líonfar idir fholúntais bhuna agus fholúntais shealadacha le linn shaolré an phainéil.

Is conradh ar théarma seasta é seo go ceann tréimhse 3 bliana.

2. Ról, Dualgais & Freagrachtaí

Tá an tOifigeach Nuálaíochta in Ionad Nuálaíochta Alpha freagrach as bheith ag tacú le hobair Cheann na Nuálaíochta i dtaca le timpeallacht a chruthú agus a fhorbairt as a dtiocfaidh mórathrú ó thaobh na nuálaíochta de sa réigiún. Is é a bheas de dhíth faoi choinne an ról seo ná meon imreora foirne, scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den chéad scoth, pointeáilteacht agus scileanna comhordaithe lóistíocht tionscadail. Tá liosta neamh-uileghabhálach de dhualgais leagtha amach thíos.

Bheith ag obair faoi stiúir Cheann na Nuálaíochta le:

- Éiceachóras láidir fiontraíochta agus nuálaíochta a fhorbairt lena gcuirfear ar chumas gnólachtaí, idir ghnólachtaí nuathionscanta agus ghnólachtaí bunaithe, scálú agus idirnáisiúnnú a dhéanamh agus bheith ag freagairt go héifeachtach do dheiseanna agus dúshlán margaidh a thiocthadh chun cinn.
- Líonrú agus sineirgí a éascú d'fhonn an nuálaíocht agus an chruthaitheacht a thiomáint chun cinn.
- Caidreamh oibre láidir táirgiúil a fhorbairt le comhpháirtithe seachtracha, lena n-áirítear iad siúd ó earnálacha poiblí, príobháideacha, oideachais/oiliúna agus pobail.
- Socruithe oibriúcháin Ionad Nuálaíochta Alpha a bhainistiú lena n-áirítear teagmhálacha le tionóntaí, ballraíocht, airgeadas, díolacháin, margaíocht, imeachtaí lena gcinntítear oibriú éifeachtach agus inmharthanacht tráchtála an Ionaid.
- Tacú le cláir shaincheaptha réamhluasaire a d'fhreastalódh ar riachtanais corparáidí agus gnólachtaí nuathionscanta.
- Tacú le gréasáin de mheantóirí saineolacha, comhairleoirí straitéiseacha agus páirtithe leasmhara sinsearacha agus naisc bhríocha a éascú le fiontraithe ionchasacha le tacaíocht a sholáthar chun fiontair inmharthana inscálaithe agus gnólachtaí nuathionscanta a chruthú. Cuimsíonn sé seo teacht i dtír ar acmhainneacht na nasc straitéiseach, mar shampla trí Dhiaspóra Dhún na nGall agus trí ghréasáin thacaíochta eile.
- Comhoibriú a éascú leis an saol acadúil d'fhonn aistriú eolais agus teicneolaíochtaí a ghíaráil níos fearr agus d'fhonn gníomhaíochtaí diantaighde a spreagadh trína chur ar chumas gnólachtaí agus luathfiontraithe leas a bhaint as acmhainneacht Taighde agus Forbartha, lena n-áirítear trí naisc láidre trasteorann agus trí naisc le hinstiúidí tríú leibhéal ar oileán na hÉireann agus ar bhonn idirnáisiúnta.

- An bhraisle dhigiteach sa réigiún a fhorbairt, go háirithe in earnáil na TFC agus in earnáil theicneolaíocht an airgeadais agus níos mó comhoibrithe a spreagadh idir Corparáidí Ináisiúnta, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta san earnáil seo.
- Bheith ag comhoibriú le croí-pháirtithe leasmhara d'fhonn deiseanna a chruthú lena chur ar chumas gnólachtaí lántairbhe a bhaint as cumhacht na dteicneolaíochtaí ceannródaíocha bunathraitheacha trí 'shaotharlann bheo' a sholáthar agus trí rochtain a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta ar tháirgí lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus seirbhísí a chuideoidh leo a mbealach i dtreo an fháis a luasghéarú.
- Deiseanna a thapú, lena n-áirítear maoiniú, comhpháirtíochtaí a bhunú agus gníomhaíochtaí nuálaíocht-bhunaithe, a chuirfidh go dearfach le baint amach uailmhianta an Ionaid.
- Bheith ag cloí le gach oibleagáid rialála agus reachtúil i dtaca le bainistiú foirne, teagmháil le cliant agus bainistiú airgeadais agus buiséid.

3. Cáilíochtaí

Tá na cáilíochtaí faoi choinne phost an **Oifigigh Nuálaíochta** leagtha amach thíos:-

(a) Carachtar

Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

(b) Sláinte

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

D'fhéadfadh sé gur ghá go rachadh iarrthóirí rathúla faoi scrúdú dochtúra, faoi rogha Dhún na nGall 2040.

(c) Oideachas, Taithí

Ar an dáta is deireanaí faoinar gá foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith istigh, ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu:

- (i) Céim Onóracha (leibhéal 8) sa Mhargaíocht, Gnó, nó cáilíocht ábhartha choibhéiseach.
- (ii) Dhá bhliain, ar a laghad, de thaití iomchuí iarchéime ar an tacaíocht nuálaíochta agus fiontraíochta i dtimpeallacht “theic” nó “dhigiteach” nuálaíochta, margaíochta nó forbartha gnó, ag obair le gnólachtaí nuathionscanta/fiontraithe san earnáil phoiblí nó phríobháideach.
- (iii) Eolas maith oibre ar shaol na teicneolaíochta/na ngnólachtaí nuathionscanta agus díograis i leith pobail fiontraíochta agus gnólachtaí nuathionscanta mar aon le tuiscint orthu.
- (iv) Leibhéal ard féinspreagtha agus iad a bheith díograiseach, dírithe ar thorthaí agus cumas a bheith acu iltascáil a dhéanamh i dtimpeallacht ina mbíonn cúrsaí ag tarlú go gasta.
- (v) Ceadúnas iomlán glan tiomána agus teacht ar charr.

(d) Scileanna agus taití inmhianaithe

Bheadh aon cheann de na nithe seo a leanas inmhianaithe, cé nach mbeadh siad éigeantach:

- (i) Scileanna maithe pleanála, bainistithe tionscadail agus eagrúcháin agus cumas sceidil oibre a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta de réir spriocdhátaí.
- (ii) Scileanna láidre idirphearsanta, cumarsáide (idir scríofa agus ó bhéal), agus obair foirne.

4. Mionsonraí an Phoist

(a) Ginearálta

Is é Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Forbartha Straitéisí Dhún na nGall 2040 an fostóir. Déanfar conradh ar théarma seasta a thairiscint don iarrthóir rathúil go ceann tréimhse 3 bliana.

(b) Promhadh

Beidh de cheangal ar iarrthóirí rathúla tréimhse thosaigh a dhéanamh ar promhadh, de réir mar a shocródh Dún na nGall 2040. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse a shíneadh, faoi rogha an Bhoird.

(c) Luach Saothair

Is ionann an tuarastal bliantúil agus €57,000 ar feadh thréimhse trí bliana an chonartha ar théarma seasta.

(d) Bunáit

Beidh an post lonnaithe i Leitir Ceanainn ach breithneoidh an comhlacht ar shocruithe cianda/hibrideacha oibre a éascú, faoi réir athbhreithniú agus comhaontú le do Bhainisteoir Líne.

D'fhéadfadh sé, ó am go ham, go mbeadh ort tabhairt faoi dhualgais ar shiúl ón áitreabh ar bhonn sealadach nó buan, in áit eile, de réir mar a d'éileodh an Comhlacht go réasúnach. Is amhlaidh, ach amháin faoi rogha na Cuideachta, nach ndéanfar aon chostais a bhainfeadh lena leithéid d'athlonnú a chúiteamh ná a aisíoc leat. Tabharfar a oiread fógra duit agus is praiticiúil go réasúnach i dtaca le hathrú ar bith ar d'áit oibre.

(e) Cónaí

Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

(f) Uaireanta Oibre

Is ionann na gnáthuaireanta oibre agus 37 uair an chloig sa tseachtain. Coinníonn Dún na nGall 2040 an ceart acu féin na huaireanta oibre a athrú ó am go ham.

Baineann réimse leathan de dhualgais leis an phost a éilíonn an-chuid solúbthachta agus a bhféadfadh sé láithreach tráthnónta agus ag an deireadh seachtaine a bheith i gceist leo, de réir mar ba ghá.

(g) Riachtanas Tiomána

Beidh gá le hiarrthóirí:

- a. ceadúnas tiomána iomlán chatagóir B reatha a bheith acu.
- b. a bhfeithicil féin a bheith ar fáil lena húsáid agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus cumhdófar na costais ghaolmhara leis na liúntais chuí.

5. Próiseas Earcaíochta

A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- **Ná cuir CV isteach le d'iarratas.** Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán rphoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriodhata a shainítear ar an fhoirm.
- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

B. Gearrliostú

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leis/léi, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

D. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

E. Eile

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

F. Cúis Dícháilithe an Chanbhasáil

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach.

G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost ar chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.

Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.

Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirfear ar Phainéal thú agus go dtairgfear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo.

Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scríosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag:

www.donegalcoco.ie